Ciorclán 0005/2015

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC I mBUNSCOILEANNA

# Socruithe soláthar foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2015/16

## Réamhrá

Is é is cuspóir don chiorclán seo an lucht bainistíochta agus an fhoireann i ngach bunscoil a chur ar an eolas faoi na socruithe soláthar foirne atá ann do bhunscoileanna don scoilbhliain 2015/16.

Tá leithdháileadh na bpost teagaisc ar scoileanna ag brath ar na socruithe ath-imlonnaithe atá i bhfeidhm don scoilbhliain 2015/16 a bheith á gcomhlíonadh acu.

Is é ath-imlonnú na mbuanmhúinteoirí/na múinteoirí CID le cois an mheicníocht a úsáidtear chun poist teagaisc a líonadh. Tá sé an-tábhachtach maidir le cumas na Roinne feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus laistigh den teorainn leis an líon múinteoirí atá ann. Ní bheidh cead ag Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas teagaisc a líonadh go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon fholúntais ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/aon mhúinteoirí CID le cois atá fágtha a ath-imlonnú.

Is iad seo a leanas na príomhphointí atá le tabhairt faoi deara:

- Is é **Dé hAoine an 6 Márta 2015** an t-eochairdháta do scoileanna maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - Fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil iomchuí faoi aon bhuanfholúntas nó faoi aon fholúntas ar théarma seasta
    - Fógra a thabhairt do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoi chnuas-socruithe GAM/EAL
    - An Phríomhfhoirm Iarratais ar an bPainéal Ath-imlonnaithe a sheoladh ar ais chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne
    - An fhoirm achomhairc um sholáthar foirne a chur isteach chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne le haghaidh chruinniú an Bhoird Achomharc um Sholáthar Foirne i mí an Mhárta
- Foilseofar na Príomhphainéil Ath-imlonnaithe ag deireadh mhí an Mhárta/tús mhi Aibreáin 2015 agus beidh deis ag scoileanna múinteoirí ó na painéil a cheapadh chuig folúntais suas go dtí an 1 Bealtaine 2015.

# Ábhar an Chiorcláin

Is é seo a leanas struchtúr an chiorcláin seo agus tugtar an fhaisnéis seo a leanas ann:

**Cuid 1:** Socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2015/16

**Cuid 2:** Sonraí cúlra faoi na socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2015/16

**Cuid 3:** Socruithe Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2015/16

**Cuid 4:** An Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

**Aguisín A:** Táblaí sceideal Soláthar Foirne ag an mBunleibhéal don scoilbhliain 2015/16

**Aguisín B:** Tairseacha rollaithe don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus mar Leasphríomhoide Riaracháin

**Aguisín C:** Liosta nuashonraithe de na scoileanna uile, ina léirítear na sonraí leithdháilte seo a leanas don scoilbhliain 2015/16

- An leithdháileadh GAM/EAL atá ag gach scoil
- An buan-leithdháileadh atá ag scoileanna ag a bhfuil líon mór daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga
- Liosta de bheagnach 1,700 scoil bhunáite le haghaidh buanphoist acmhainne lánaimseartha

**Aguisín D:** Foirm GAcluster2015 – Fógra faoi phoist nuachnuasaithe GAM/EAL don scoilbhliain 2015/16

**Aguisín E:** Foirm Iarratais do Rochtain Buanmhúinteoirí/Múinteoirí CID ar an bPríomhphainéal Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2015/16

**Aguisín F:** Foirm Iarratais don Bhord Achomhairc um Sholáthar Foirne don Scoilbhliain 2015/16

**Tuilleadh faisnéise/Ceisteanna Coitianta**

Is ar shuíomh Gréasáin na Roinne a fhoilseofar aon fhaisnéis bhreise faoin bpróiseas leithdháileadh múinteoirí, mar aon le nuashonruithe rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar phainéil ath-imlonnaithe a ghlanadh.

Chomh maith leis sin, tá cáipéis **Ceisteanna Coitianta** foilsithe ag an Roinn, rud ina bpléitear Socruithe Ath-imlonnaithe ag an mBunleibhéal do Bhuanmhúinteoirí agus do Mhúinteoirí CID le Cois tríd an bPríomhphainéal. Tá cáipéis **Ceisteanna Coitianta ar Chiorclán 0005/2015**, Socruithe Soláthar Foirne i mBunscoileanna don Scoilbhliain 2015/16, foilsithe ag an Roinn freisin.

**Ceisteanna**

Má tharlaíonn sé go bhfuil ceisteanna agat faoin leithdháileadh soláthar foirne do do scoil, fiú amháin tar éis duit an ciorclán seo agus na cáipéisí gaolmhara Ceisteanna Coitianta a léamh, is féidir leis na ceisteanna sin a chur trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie. Tabhair uimhir rolla agus ainm na scoile i líne ábhair an ríomhphoist.

Hubert Loftus
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí

Feabhra 2015

# Eochairdhátaí do scoileanna maidir leis an bpróiseas leithdháileadh agus ath-imlonnú múinteoirí

| Eochairghníomh | An dáta faoinar chóir an gníomh a chur i gcrích |
|---|---|
| A bhuí leis na táblaí rollaithe don sceideal soláthar foirne atá le fáil in **Aguisín A**, is féidir le scoileanna na leibhéil soláthar foirne príomhshrutha a bheidh acu don scoilbhliain 2015/16 a sheiceáil.<br>A bhuí leis na tairseacha rollaithe atá le fáil in **Aguisín B**, is féidir le scoileanna a sheiceáil an bhfuil siad i dteideal stádas Príomhoide Riaracháin agus/nó Leasphríomhoide Riaracháin. | Láithreach |
| Ní mór do scoileanna fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil iomchuí (e.g. Rúnaí Deoise etc.) faoi aon bhuanfholúntas agus faoi aon fholúntas ar théarma seasta atá le teacht chun cinn as an sceideal soláthar foirne nó fáth ar bith eile atá ar eolas ag an tráth seo. Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil sé ar intinn acu dul ar scor an 31 Lúnasa 2015 nó roimhe sin fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta lena mbaineann faoi sin roimh an 6 Márta 2015. | Dé hAoine, an 6 Márta 2015 |
| Ní mór do scoileanna fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil iomchuí (e.g. Rúnaí Deoise etc.) faoi aon bhuanfholúntas agus faoi aon fholúntas ar théarma seasta laistigh de 5 lá oibre tar éis don Chathaoirleach nó don Phríomhoide teacht ar an eolas faoin bhfolúntas sin. | Laistigh de 5 lá oibre tar éis don Chathaoirleach nó don Phríomhoide teacht ar an eolas faoin bhfolúntas |
| Nuashonraíodh an leithdháileadh GAM/EAL in **Aguisín C** do na scoileanna sin ina raibh athrú ar an líon post ranga sa scoilbhliain 2014/15. Téann an t-athrú sin i bhfeidhm ar chuid de na cnuas-socruithe atá ann cheana féin. Éilítear ar scoileanna den sórt sin socruithe cuí a dhéanamh anois chun na huaireanta GAM/EAL atá acu a athchnuasach ina bpoist lánaimseartha (25 uair) le scoileanna comharsanacha. Agus leas á bhaint acu as Foirm GAcluster2015 (Aguisín D), ní mór do scoileanna bunáite fógra a thabhairt do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoi aon chnuas-socruithe nua maidir le huaireanta GAM/EAL. | Dé hAoine, an 6 Márta 2015 |
| Ba chóir do scoileanna a bhfuil buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois acu a shocrú go ndéanfaí leaganacha comhlánaithe den Fhoirm (de na Foirmeacha) Iarratais ar an bPainéal Ath-imlonnaithe in **Aguisín E** a sheoladh ar ais chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne. | Dé hAoine, an 6 Márta 2015 |
| Is i mí an Mhárta, i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2015 a thionólfaidh an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne a chuid cruinnithe. Is i mí an Mhárta 2015 a thionólfar an chéad chruinniú.<br>Is é Dé hAoine an 6 Márta 2015 an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha comhlánaithe achomhairc (**Aguisín F**). | Dé hAoine, an 6 Márta 2015 |
| Tá sé mar aidhm ag an Roinn na painéil ath-imlonnaithe a fhoilsiú faoi dheireadh mhí an Mhárta/thús mhí Aibreáin 2015. | Deireadh mhí an Mhárta/tús mhí Aibreáin 2015 |
| An dáta deireanach ar féidir le scoileanna iarratas a chur isteach ar phoist forbraíochta bunaithe ar na rolluithe réamh-mheasta a bheidh acu i mí Mheán Fómhair 2015. | 27 Márta 2015 |
| Is go dtí an Aoine, an 1 Bealtaine 2015, a bheidh deis ag scoileanna a bhfuil folúntais acu a gcuid folúntas a líonadh ó na Príomhphainéil Ath-imlonnaithe. Ina dhiaidh sin, ceapfar Oifigigh Phainéil chun ath-imlonnú buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois a éascú. | Dé hAoine, an 1 Bealtaine 2015 |

| | |
|---|---|
| Tá scoileanna a bhfuil poist acmhainne bhunáite acu liostaithe in Aguisín C. Tar éis leithdháiltí na n-uaireanta acmhainne atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a eisiúint, is iad uaireanta acmhainne páirtaimseartha sealadacha den chuid is mó a leithdháilfear ar scoileanna nach bhfuil in ann teacht ar acmhainn bhreise teagaisc sna poist lánaimseartha bhunáite sin. | Ó mhí na Bealtaine 2015 ar aghaidh |

# Cuid 1

## Socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2015/16

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe de na socruithe soláthar foirne a bheidh i bhfeidhm i mbunscoileanna don scoilbhliain 2015/16:

### 1. Poist Teagaisc Ranga Príomhshrutha

Is liostaithe in Aguisín A den Chiorclán seo atá na táblaí rollaithe le haghaidh fheidhmiú an sceidil soláthar foirne don scoilbhliain 2015/16. A bhuí leis sin, is féidir le scoileanna **na leibhéil foirne príomhshrutha a bheidh acu don scoilbhliain 2015/16** a sheiceáil anois.

Áirítear sna táblaí rollaithe atá le fáil in Aguisín A na **sceidil soláthar foirne do scoileanna DEIS Bhanda Uirbeach 1**.

Is le haghaidh ranganna príomhshrutha amháin atá poist a leithdháiltear bunaithe ar an sceideal soláthar foirne agus ba chóir iad a imlonnú dá réir sin. Iarrtar ar údaráis scoile a chinntiú go gcoinneofar an líon daltaí in aon rang amháin chomh híseal agus is féidir, agus na tosca comhthéacsúla ábhartha go léir á gcur san áireamh (e.g. cóiríocht ranga, rollú athraitheach etc.). Mar sin féin, ba chóir d'údaráis scoile leas a bhaint, nuair is féidir, as an bhféinriail atá acu faoin sceideal soláthar foirne chun méideanna laghdaithe ranga a chur i bhfeidhm le haghaidh ranganna sóisearacha.

### 2. Príomhoide Riaracháin agus Leasphríomhoide Riaracháin

Tá na critéir maidir le **Príomhoidí Riaracháin** agus **Leasphríomhoidí Riaracháin** a cheapadh bunaithe ar an líon daltaí atá sa scoil.

Tá na tairseacha rollaithe iomchuí leagtha amach in Aguisín B den Chiorclán seo.

### 3. Critéir do Scoileanna i mBéal Forbartha don Scoilbhliain 2015/16

Sainmhínítear scoil i mbéal forbartha mar scoil a réamh-mheastar go mbeidh a rollú an 30 Meán Fómhair 2015 níos airde ná a rollú an 30 Meán Fómhair 2014:

i) trí íosmhéadú uimhriúil (mar atá sonraithe in (a) agus in (b) thíos) a bhaint amach

agus

ii) trí líon sonraithe de chúigear daltaí breise a bheith aici thar an líon riachtanach atá do cheapachán

Sa chás go bhfuil scoil ag méadú líon na ranganna iontrála atá aici – rud a ghinfeadh sruth nua – ní mór don scoil cead don mhéadú sin a bheith faighte aici roimh ré ó phátrún na scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

(a) I gcás bunscoileanna a bhfuil Príomhoide amháin agus seisear Múinteoirí Ranga Príomhshrutha nó níos lú mar fhoireann acu, is é an t-íosmhéadú uimhriúil ar an bhfigiúr rollaithe don 30 Meán Fómhair 2014 dá dtagraítear in (i) thuas ná 15 dhalta. Ní mór meánmhéid ranga de bhreis ar 28 dalta a bheith i bhfeidhm freisin maidir leis na scoileanna sin atá ar lorg poist faoin gcritéar sin (féach na heisceachtaí thíos). Déantar é sin a ríomh tríd an líon post príomhshrutha a réamh-mheastar a bheidh ann sa scoilbhliain 2015/16 (seachas poist forbraíochta) a chur i bhfeidhm maidir leis an líon daltaí a réamh-mheastar a bheidh rollaithe i mí Mheán Fómhair 2015.

(b) I gcás bunscoileanna a bhfuil Príomhoide amháin agus seachtar Múinteoirí Ranga Príomhshrutha nó níos mó mar fhoireann acu, is é an t-íosmhéadú uimhriúil ar an bhfigiúr rollaithe don 30 Meán Fómhair 2014 dá dtagraítear in (i) thuas ná 25 dalta.

Ní mór do scoileanna cáiliú faoin dá chritéar in (i) agus in (ii) thuas agus, i gcás scoileanna den sórt sin, d'fhéadfadh go gceadófaí buanphost breise (buanphoist bhreise) ar bhonn sealadach ar feitheamh an rollú bailí an 30 Meán Fómhair 2015 a dheimhniú. Déanfar an soláthar foirne a leasú i bhfianaise na rolluithe bailí iarbhír an 30 Meán Fómhair 2015.

**Tá dhá eisceacht ann:**

1. **<u>Scoileanna i mbéal forbartha atá ag iarraidh go gceapfar an dara múinteoir ranga príomhshrutha (P+2)</u>**

   I gcásanna den sórt sin, ní éilítear ar scoileanna a réamh-mheasann go mbeidh íosmhéadú uimhriúil 15 dhalta acu an 30 Meán Fómhair 2015 ar an bhfigiúr rollaithe an 30 Meán Fómhair 2014 an líon sonraithe de chúigear daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin ná an mheánmhéid shonraithe ranga a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní mór an t-íosrollú réamh-mheasta 56 dalta a bhaint amach ar mhaithe leis an dara múinteoir ranga príomhshrutha a fháil ar fhorais scoile i mbéal forbartha don scoilbhliain 2015/16.

2. **<u>Scoileanna atá ag iarraidh go gceapfar níos mó ná post amháin i scoil i mbéal forbartha</u>**

   I gcásanna den sórt sin, ní mór do scoileanna an ceanglas a bhaineann le híosmhéadú uimhriúil agus an líon sonraithe de chúigear daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin don chéad phost i scoil i mbéal forbartha a chomhlíonadh. I gcás gach poist a iarrfar ina dhiaidh sin, ní mór an líon sonraithe de chúigear daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin a chomhlíonadh.

Ba chóir do scoileanna a n-iarratais ar phost breise teagaisc (poist bhreise teagaisc) ar fhorais scoile i mbéal forbartha a sheoladh le ríomhphost chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne, primaryallocations@education.gov.ie, **<u>Dé hAoine an 27 Márta 2015</u>** nó roimhe sin.

Cé go ndéanfar breithniú ar iarratais mhalla freisin, moltar do scoileanna a chinntiú go mbeidh a n-iarratais seolta chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne, **Dé hAoine an 27 Márta 2015 nó roimhe sin**.

**Agus acmhainní breise á lorg acu ón Roinn ar fhorais scoile i mbéal forbartha, cuirtear i gcuimhne do scoileanna go bhfuil sé an-tábhachtach gur réadúil atá an rollú réamh-mheasta a thugtar.** Más rud é nach bhfuil an rollú réamh-mheasta bainte amach an 30 Meán Fómhair 2015, déanfar líon foirne na scoile a laghdú dá réir sin.

## 4. Scoileanna Oileáin

Sa chás go gcaillfear an chéad mhúinteoir ranga príomhshrutha (i.e. P+ 1) nó an dara múinteoir ranga príomhshrutha (i.e. P+ 2) de bharr laghdú sa líon daltaí i scoil oileáin, d'fhéadfadh go gcoinneofaí na poist faoi réir na nithe seo a leanas:

- i gcás an chéad mhúinteora ranga príomhshrutha, tá ochtar daltaí nó níos mó san iomlán sa scoil agus tá an scoil ar an aon bhunscoil atá fágtha ar an oileán, nó
- i gcás an dara múinteoir ranga príomhshrutha, tá 45 dalta nó níos mó san iomlán sa scoil agus tá an scoil ar an aon bhunscoil atá fágtha ar an oileán.

## 5. GAM/EAL (Samhail Leithdháilte Ghinearálta agus Tacaíocht Teanga)

Tá an leithdháileadh GAM/EAL a bheidh ag scoil don scoilbhliain 2015/16 bunaithe ar an líon post ranga príomhshrutha a bhí aici don scoilbhliain 2014/15.

Nuashonraíodh an leithdháileadh GAM/EAL don scoilbhliain 2015/16 chun athruithe sa líon post ranga i scoileanna sa scoilbhliain 2014/15 a léiriú. Tá an leithdháileadh GAM/EAL do gach scoil liostaithe in **Aguisín C** (Colún A agus Colún B).

Sa chás go bhfuil athrú tagtha ar na huaireanta GAM/EAL atá ag ceann ar bith de na scoileanna atá páirteach i gcnuasach, meastar an cnuasach atá ann cheana féin a bheith scortha agus tá léiriú ar an staid sin in Aguisín C (Colún D).

Sa chás nach bhfuil aon athrú tagtha ar an leithdháileadh GAM/EAL atá ag ceann ar bith de na scoileanna atá páirteach i gcnuasach atá ann cheana féin, glacadh leis go raibh an cnuasach sin fós i bhfeidhm nuair a bhí Aguisín C á chur le chéile. **Tabhair faoi deara:**Ní gá Foirm GAcluster2015 a sheoladh chuig an Roinn mura bhfuil aon athrú tagtha ar an gcnuasach.

Maidir le scoileanna a bhfuil uaireanta acu atá ar fáil lena gcnuasach, beidh deis acu, go dtí **6 Márta 2015**, dul isteach i gcnuas-socrú chun post lánaimseartha (25 uair) a bhaint amach trí shocruithe comhroinnte le scoil chomharsanach (scoileanna comharsanacha).

**Nuair a bheidh an próiseas maidir le huaireanta GAM/EAL a chnuasach críochnaithe, próiseas a bheidh faoi stiúir na scoileanna, cuirfear tús le próiseas**

**cnuasaithe faoi stiúir na Roinne tar éis an 6 Márta 2015 i ndáil le haon uaireanta atá fágtha i scoileanna.**

**Scoileanna nuabhunaithe a bheidh ar oscailt den chéad uair sa scoilbhliain 2015/16:**

I gcás scoileanna nuabhunaithe a bheidh ar oscailt den chéad uair sa scoilbhliain 2015/16 (seachas scoileanna cónasctha), beidh an leithdháileadh GAM/EAL bunaithe ar an líon post ranga príomhshrutha atá acu don scoilbhliain 2015/16.

**Scoileanna a bhfuil poist atá ceadaithe faoi na critéir do Scoileanna i mBéal Forbartha don scoilbhliain 2015/16 acu:**

I gcás scoileanna a bhfuil cead faighte acu do dhá phost forbraíochta nó níos mó don scoilbhliain 2015/16, déanfar an leithdháileadh GAM/EAL atá acu don scoilbhliain 2015/16 a leasú chun an chéad phost forbraíochta a ceadaíodh a chur san áireamh (i.e. gheobhaidh siad leithdháileadh breise 5 uaire GAM/EAL don scoilbhliain 2015/16).

Ba chóir do scoileanna den sórt sin iarratas a dhéanamh ar na poist forbraíochta a luaithe is féidir ar mhaithe lena gcnuas-socruithe GAM a éascú.

**Cnuas-socruithe do phoist chomhroinnte GAM/EAL:**

A luaithe a bheidh cnuasach GAM/EAL ar bun, cuirtear i gcuimhne do scoileanna go mbeidh an cnuasach sin i bhfeidhm ó bhliain go bliain agus nach féidir teaglaim an chnuasaigh a athrú **ach amháin sna cásanna seo a leanas**:

1. Tagann athrú ar an líon uaireanta GAM/EAL atá ag ceann ar bith de na scoileanna sa chnuasach i scoil ina dhiaidh sin, nó,

2. Comhaontaíonn gach ceann de na scoileanna sa chnuasach deireadh a chur leis an gcnuas-socrú. Ní mór comhaontú maidir le deireadh a chur leis an gcnuas-socrú don scoilbhliain 2016/17 a chur in iúl do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoin 31 Nollaig 2015 (ní mór ríomhphost nó litir ó gach ceann de na scoileanna sa chnuasach a chur ar fáil).

**Foirm GAcluster2015 a Chomhlánú**

Agus leas á bhaint acu as Foirm GAcluster2015 (**Aguisín D**), ní mór do scoileanna an Roinn a chur ar an eolas faoi na cnuas-socruithe nua atá acu d'uaireanta GAM/EAL don scoilbhliain 2015/16. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná deireadh gnó **Dé hAoine an 6 Márta 2015**.

**Is go huathoibríoch a cheadóidh an Roinn uaireanta GAM/EAL atá cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha nua agus a bheidh faighte roimh an spriocdháta sin. I gcás scoileanna nach bhfuil an fhoirm chomhlánaithe seolta ar ais acu laistigh den tréimhse ama thuasluaite, nó sa chás nach bhfuil gach ceann de na huaireanta**

**GAM/EAL atá ag an scoil cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha, cuirfear iad san áireamh, de réir mar is cuí, sa phróiseas cnuasaithe a bheidh faoi stiúir na Roinne.**

Más gá, tapóidh an Roinn an deis chun dul i mbun próiseas cnuasaithe faoi stiúir na Roinne chun na huaireanta GAM/EAL atá fágtha a chnuasach ar mhaithe le hath-imlonnú aon bhuanmhúinteoirí le cois atá fágtha a éascú.

Mar thoradh ar an tréimhse ama níos déanaí atá i bhfeidhm maidir le leithdháileadh uaireanta acmhainne ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), ní bheidh cead ag scoileanna go fóill uaireanta GAM/EAL agus uaireanta atá ceadaithe ag CNOS a chomhcheangal ina bpoist lánaimseartha.

## 6. Leithdháiltí Breise do Scoileanna a bhfuil Líon Mór Daltaí óna dteastaíonn Tacaíocht Teanga (EAL) acu

Déanfaidh scoileanna ar leithdháileadh buanphost/buanphoist tacaíocht teanga (EAL) orthu sa scoilbhliain 2014/15 an post/na poist sin a choinneáil sa scoilbhliain 2015/16. Tá na scoileanna iomchuí liostaithe in Aguisín C.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú rialta ar an riachtanas leanúnach a bhíonn ann leis na buanphoist tacaíocht teanga thuasluaite, agus aird á tabhairt ar threochtaí rollaithe agus ar an líon daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga.

**An Próiseas Achomhairc:**

Féach Cuid 4 le haghaidh sonraí faoin gcritéar achomhairc atá ann maidir le post sealadach breise/poist shealadacha bhreise tacaíocht teanga a sholáthraítear bunaithe ar achomhairc chuig an mBord Achomharc um Sholáthar Foirne.

## 7. Poist Acmhainne

Ba ar scoileanna a bhfuil poist acmhainne bhunáite acu a leithdháileadh 83% de na huaireanta uile a bhí ceadaithe ag CNOS don scoilbhliain 2014/15.

Ní bheidh aon athrú ar shuíomh na bpost acmhainne bunáite don scoilbhliain 2015/16.

Mar sin féin, is féidir le bainistíocht na scoile a bhfuil post bunáite aici a roghnú gan a bheith ina scoil bhunáite, go háirithe sa chás go dtugann CNOS leithdháileadh íseal uaireanta acmhainne don scoil sin. Ba chóir dul i dteagmháil le Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne chun tarraingt siar an phoist bhunáite ón scoil a éascú.

Tá an liosta iomlán de thart ar 1,700 scoil bhunáite foilsithe in Aguisín C (Colún E) den Chiorclán seo.

Éileofar ar scoileanna bunáite comhoibriú le scoileanna comharsanacha chun a chinntiú go gcuirfear aon acmhainn bhreise sna poist acmhainne (25 uair) ar fáil do scoileanna comharsanacha ar mhaithe leis na riachtanais atá acu le huaireanta acmhainne atá

ceadaithe ag CNOS a chomhlíonadh. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh gur i scoil chomharsanach a d'athbhunófaí an post.

Éilítear ar scoileanna nach bhfuil post acmhainne bunáite acu a sheiceáil an bhfuil aon acmhainn bhreise ar fáil i scoileanna comharsanacha sula ndéanfaidh siad iarratas chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne chun an post sin a líonadh. Seiceálfaidh Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne an bhfuil aon acmhainn bhreise sa cheantar freisin sula dtabharfaidh sí cead chun na huaireanta sin a líonadh.

Sa chás go dtugtar 25 uair nó níos mó atá ceadaithe ag CNOS do scoil nach bhfuil post bunáite aici, ceadófar post sealadach don scoilbhliain 2015/16. Sa chás go bhfuil níos lú ná 25 uair ag scoil agus nach féidir an leithdháileadh sin a úsáid i scoileanna eile, ceadófar uaireanta páirtaimseartha chun an post sin a líonadh.

**<u>Níl cead ag scoil múinteoir ar théarma seasta ná múinteoir páirtaimseartha a fhostú</u> chun uaireanta atá ceadaithe ag CNOS a chlúdach go dtí go bhfaighidh siad cead scríofa roimh ré ó Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne.**

## 8. Socruithe Áitiúla maidir le Múinteoirí i bPoist Chomhroinnte (Poist GAM/EAL agus Poist Acmhainne)

Mar thoradh ar an tréimhse ama níos déanaí atá i bhfeidhm maidir le leithdháileadh uaireanta acmhainne ag CNOS, cuirtear i gcuimhne do scoileanna **nach féidir leo uaireanta GAM/EAL agus uaireanta atá ceadaithe ag CNOS a chomhcheangal** ina bpoist lánaimseartha.

Nuair a bheidh an próiseas ath-imlonnaithe agus leithdháilte do bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID le cois críochnaithe níos déanaí sa Samhradh, áfach, tabharfar deis, nuair is féidir, do scoileanna a chomhlíonann na socruithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo **a socruithe áitiúla sealadacha féin a fheidhmiú maidir le socruithe oibre laethúla na múinteoirí sin i bpoist chomhroinnte lánaimseartha**. Is é is aidhm do na socruithe sin íoslaghdú a dhéanamh ar an am a chailltear le linn do na múinteoirí bheith ag taisteal idir scoileanna.

Mar shampla, d'fhéadfaí na socruithe áitiúla sealadacha a fheidhmiú idir scoileanna ar an mbealach seo a leanas don scoilbhliain 2015/16:

| | Scoil A | Scoil B |
|---|---|---|
| An líon post acmhainne bunáite atá leithdháilte ar an scoil | 1 phost | Ceann ar bith |
| An líon post GAM/EAL atá comhroinnte | Ceann ar bith | 1 phost atá comhroinnte le scoil A |
| An leithdháileadh GAM/EAL | 10 n-uaire | 15 uaire |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| An leithdháileadh ó CNOS | 20 uair | 5 uaire |

D'fhéadfadh Scoil A agus Scoil B dul isteach i socrú sealadach áitiúil le chéile, rud trína ndéanfadh an múinteoir GAM/EAL i Scoil B freastal ar an riachtanas comhcheangailte 20 uair GAM/EAL agus Acmhainne atá ag Scoil B agus trína gcuirfeadh sé/sí 5 uaire eile ar fáil do Scoil A.

Is i Scoil A a d'fhanfadh an múinteoir sa phost acmhainne bunáite i Scoil A agus chuirfeadh sé/sí 25 uair (uaireanta comhcheangailte GAM/EAL agus Acmhainne) ar fáil do Scoil A.

# Cuid 2

# Sonraí cúlra faoi na socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2015/16

## 1. Socruithe Ath-imlonnaithe

**Le linn an príomhphainéal a bheith i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh scoileanna faoi deara nach féidir buanfholúntais teagaisc ná folúntais teagaisc ar théarma seasta a líonadh ach amháin ón bpríomhphainéal ath-imlonnaithe iomhcuí.**

Níl cead ag Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun buanfholúntas teagaisc nó folúntas teagaisc ar théarma seasta a líonadh (lena n-áirítear múinteoir atá ar shos gairme, múinteoir atá ar iasacht agus múinteoir atá ar shocruithe postroinnte a ionadú agus post EAL ar théarma seasta (sealadach) a líonadh) ar aon bhealach go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon fholúntais ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/aon mhúinteoirí CID atá fágtha ar an bpríomhphainéal a ath-imlonnú.

Beidh an t-am nuair is féidir folúntais teagaisc a líonadh ar aon bhealach eile ag brath ar cé chomh tapa agus a dhéantar buanmhúinteoirí/múinteoirí CID a ath-imlonnú i bhfolúntais. Foilseoidh an Roinn nuashonruithe rialta painéil ar an suíomh Gréasáin, rud a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bpróiseas ath-imlonnú buanmhúinteoirí/múinteoirí CID.

## 2. Conradh Tréimhse Éiginnte (CID)

Níor chóir do scoileanna foirmeacha CID a chur faoi bhráid na Roinne um an dtaca seo. Cinnfear an tréimhse chun déanamh amhlaidh tar éis Ciorclán ar leith a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme na moltaí i dTuarascáil an tSainghrúpa um Fhostaíocht Téarma Sheasta agus Fhostaíocht Pháirtaimseartha in oideachas bunleibhéil agus dara leibhéal. Rinne Peter Ward SC cathaoirleacht ar an Sainghrúpa sin agus foilsíodh an tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2014.

Tá an Roinn i mbun teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha faoi láthair maidir le cur chun feidhme na tuarascála agus táthar ag díriú ar na moltaí atá le cur chun feidhme ag tús na scoilbhliana 2015/16. Foilseofar an Ciorclán lena gcuirtear na moltaí sin chun feidhme ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

## 3. Folúntas a Choinneáil ar Oscailt

Ní mór do scoileanna dá dtugtar formheas sealadach le haghaidh post/poist teagaisc ar bhonn rolluithe réamh-mheasta do mhí Mheán Fómhair 2015 folúntas amháin a choinneáil ar oscailt (ar féidir buanfholúntas nó folúntas ar théarma sheasta a bheith ann) d'fhonn freastal ar ath-imlonnú aon bhuanmhúinteoirí le cois a thagann aníos tráth níos moille in 2015 (bíodh sé sa scoil ag a bhfuil an post atá formheasta go sealadach nó i scoil chomharsanach).

Baineann sé sin le poist scoile atá formheasta go sealadach mar seo a leanas:

- post i scoil i mbéal forbartha
- post a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do scoileanna beaga
- post a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne chun maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú ar mhéideanna ranga ag leibhéal naíonán do bhunscoileanna a chuireann go mór leis trí fhás déimeagrafach a ionsú
- post sealadach a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do thacaíocht EAL

Níl sé riachtanach ach ceann amháin de na folúntais thuas i scoil a choinneáil ar oscailt. Ní thagann an ceangal le folúntas a choinneáil ar oscailt aníos sa chás go líonann buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois ón bpríomhphainéal ath-imlonnaithe gach ceann de na buanfholúntais agus de na folúntais ar théarma seasta sna scoileanna lena mbaineann.

Ní féidir folúntas atá á choinneáil ar oscailt a líonadh ar bhonn téarma seasta ach go dtí an Aoine 23 Deireadh Fómhair 2015.

Tabharfaidh an Roinn eolas don scoil/do na scoileanna lena mbaineann a luaithe is féidir i mí Dheireadh Fómhair faoi cé acu atá nó nach bhfuil an folúntas sin ag teastáil chun ath-imlonnú buanmhúinteora/múinteora CID le cois a éascú. Má tá an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois a ath-imlonnú, ní mór scor den chonradh téarma sheasta an 23 Deireadh Fómhair 2015.

Mura bhfuil an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteoir le cois a ath-imlonnú, féadfar é a líonadh tráth ar bith sa ghnáthshlí. Mar sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir le scoileanna tús a chur leis an bpróiseas fógraíochta agus earcaíochta do na folúntais sin go dtí go mbeidh sé deimhnithe ag an Roinn nach bhfuil siad de dhíth chun buanmhúinteoir/múinteoir CID le cois a ath-imlonnú. Tá sé tábhachtach go léirítear na socruithe sin sa chonradh le haghaidh an phoist ar théarma seasta.

**Is é an dáta deiridh le buanphost a líonadh ar bhonn buan (agus de réir théarmaí an chiorcláin seo) ná an Luan 2 Samhain 2015 (ní mór an múinteoir a cheapadh chuig an scoil ar an dáta sin nó roimhe).**

Ina dhiaidh sin, ní féidir buanphost a líonadh ach ar bhonn téarma seasta (agus de réir théarmaí an chiorcláin seo) ach amháin más buanmhúinteoir/múinteoir CID ón bpríomhphainéal ath-imlonnaithe an té a cheapfar.

Ní bhaineann na socruithe sin le poist mar Phríomhoide, a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

## 4. Rolluithe Bailí

Déantar an líon múinteoirí ranga príomhshrutha is cuí do scoil don scoilbhliain 2015/16 a chinneadh trí thagairt do rollú bailí na scoile an 30 Meán Fómhair 2014. Tá an sceideal rollaithe daltaí a theastaíonn do cheapadh agus do choinneáil múinteoirí ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2015/16 faoi iamh in Aguisín A.

Ní féidir ach daltaí a iontráladh go **bailí** ar an rolla an 30 Meán Fómhair 2014 a chur san áireamh chun críocha líon foirne a chinneadh. Chuige sin, ní mór cloí le téarmaí Chiorclán 24/02 ón Roinn - Cinneadh Rollú Bhailí i mBunscoileanna agus le téarmaí Chiorclán 32/03 ón Roinn - Coinneáil Daltaí i mBunscoileanna. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nár chóir ligean do leanbh freastal ar bhunscoil ná bheith rollaithe i mbunscoil go dtí go mbainfidh sé/sí ceithre bliana amach.

Níor chóir daltaí a choinnítear ar an gclár scoile an 30 Meán Fómhair chun críche an tAcht Oideachais agus Leasa, 2000, a chomhlíonadh, a chomhaireamh le haghaidh rollú bailí d'fhonn an líon foirne a chinneadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuimsíonn rolluithe bailí ach na daltaí sin atá rollaithe an 30 Meán Fómhair agus a bhfuiltear ag súil leis ag an bpointe sin go leanfar iad a bheith rollaithe sa scoil ar feadh na scoilbhliana. Má tá aon rolluithe gearrthéarmacha sa scoil (lena n-áirítear daltaí ó thír eile atá rollaithe go sealadach chun a gcaighdeán Béarla a fheabhsú nó nuair is eol go n-aistreoidh na daltaí chuig scoil eile tamall gairid tar éis an 30 Meán Fómhair), ní féidir na daltaí sin a chur san áireamh sa tuairisc rollaithe ón scoil.

Cuirtear i gcuimhne do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le beachtas tuairisceán rollaithe don Roinn a chinntiú. Tá freagracht orthu as an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon earráid nó aon mhírialtacht ina dtuairisceán rollaithe. Is é gnáthbheartas na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó ná iad a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána.

# Cuid 3

# Socruithe Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2015/16

Tá na socruithe ath-imlonnaithe mionsonraithe leagtha amach i bhformáid **Ceisteanna Coitianta** ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Áiríonn na socruithe ath-imlonnaithe na nithe seo a leanas:

## 1. Próiseas ath-imlonnaithe do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID

**(i)** Cruthaítear gach príomhphainéal do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID d'fhonn a chinntiú gur do na múinteoirí sin ar dtús a thairgfear na folúntais. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar na príomhphainéil ag deireadh mhí an Mhárta/tús mhí Aibreáin 2015. Is é an dáta deiridh faoina gcaithfidh scoileanna a bhfolúntais a thairiscint do mhúinteoirí ar an bpríomhphainéal ná an 1 Bealtaine 2015. Ina dhiaidh sin, ceapfar Oifigigh Phainéil chun ath-imlonnú aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID le cois atá fágtha a éascú.

**(ii)** Ní mór folúntais teagaisc a thairiscint roimh an 1 Bealtaine 2015 do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID ar phríomhphainéal san ord tosaíochta seo a leanas:

a. Buanfholúntais laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise)

b. Folúntais sainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise) a mhaireann tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad.

**(iii)** Féadfaidh buanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois a roghnú post a ghlacadh lasmuigh den gha 45 km agus féadfaidh sé sin cuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ngá le feidhmiú na socruithe teagmhasacha atá leagtha amach ag Uimh. 2 agus ag Uimh. 3 thíos.

## 2. Ath-imlonnú idirdheoise

Sa chás nach ndéanann na socruithe atá leagtha amach ag Uimh. 1 thuas ath-imlonnú ar na buanmhúinteoirí/na múinteoirí CID le cois uile ar phainéal deoise, ní mór na poist uile a fhanann folamh i scoileanna i ndeoisí tadhlacha a bheith ar fáil do na múinteoirí sin, agus tá líonadh an phoist/na bpost sin le baint amach trí chomhoibriú idirdheoise ar bhonn téarma seasta.

## 3. Socruithe ath-imlonnaithe d'aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID le cois atá fágtha

Más rud é, i ndiaidh na bpróiseas atá leagtha amach faoi phointe 1 faoi phointe 2 thuas, go bhfuil aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID le cois fágtha, beidh gá le socruithe breise chun a n-ath-imlonnú i bhfolúntais i scoileanna a éascú.

Ní úsáidfear na socruithe breise sin ach amháin sna cásanna sin nach bhfuil aon rogha inmharthana eile ann d'ath-imlonnú na mbuanmhúinteoirí/na múinteoirí CID le cois atá fágtha. Cinnfear na socruithe beachta atá le húsáid ar bhonn cáis ach dul i mbun plé leis na comhpháirtithe oideachais cuí agus leis an bPátrún ábhartha. Úsáidfear na prionsabail seo a leanas d'fheidhmiú na socruithe sin:

(i) Ar an gcéad dul síos, scrúdófar an staid maidir le cé acu is féidir nó nach féidir solúbthacht ar bith i gComhaontú Bhóthar Haddington 2014-2016 maidir leis an nga 45 km d'ath-imlonnú a chur i bhfeidhm go cuí chun ath-imlonnú an bhuanmhúinteora/an mhúinteora CID le cois a bhaint amach chuig scoil den chineál céanna pátrúnachta.

(ii) Ar an dara dul síos, scrúdófar an scóip le hath-imlonnú an bhuanmhúinteora/an mhúinteora CID le cois a bhaint amach ar bhonn roghnach trí iarratas á dhéanamh ag an múinteoir le bheith curtha ar phainéal de phátrúnacht éagsúil. Fágfar é faoin bpátrún ábhartha cead a thabhairt don iarratas sin.

(iii) Mura bhfuil aon rogha inmharthana eile ar fáil ansin, déanfar sannadh sealadach chuig folúntas i scoil de chineál éagsúil pátrúnachta. Mairfidh an sannadh sealadach sin fad na scoilbhliana ábhartha. Coinneoidh aon mhúinteoir ar shannadh sealadach ar an mbealach sin na cearta painéil atá aige/aici cheana don phainéal ath-imlonnaithe ábhartha dá scoil bhunáite. Ní bhfaighidh múinteoirí dá leithéid cearta painéil i leith an phainéil ath-imlonnaithe a bhaineann leis an scoil ina bhfuil an sannadh sealadach. Beidh ar na múinteoirí sin cloí le riachtanais an Bhoird Bhainistíochta maidir leis an dualgas atá air éiteas na scoile a choinneáil, comhsheasmhach leis an dlí.

Is é an cur chuige a bheidh ag an Roinn maidir le feidhmiú na socruithe fágtha atá leagtha amach ná comhaontú a lorg trí chomhdhearcadh. Chuige sin, beidh comhairliúchán leanúnach ar siúl leis na páirtithe leasmhara cuí maidir le feidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe.

# Cuid 4

# An Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

## 1. Socruithe don Scoilbhliain 2015/16

Déanfaidh an Bord Achomhairc, a fheidhmíonn neamhspleách ón Aire agus ón Roinn, achomhairc don scoilbhliain 2015/16 a athbhreithniú. Tá na critéir achomhairc leagtha amach faoi phointe **4** thíos.

Is i mí an Mhárta a thionólfar an chéad chruinniú de chuid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne chun déileáil le hachomhairc don scoilbhliain 2015/16. Tionólfar cruinnithe breise i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Is é **Dé hAoine an 6 Márta 2015** an dáta deiridh d'achomhairc sholáthar foirne a chur isteach don chéad chruinniú de chuid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne.

Postálfar na dátaí deiridh le haghaidh achomhairc sholáthar foirne a chur isteach agus dátaí do chruinnithe amach anseo ar shuíomh Gréasáin na Roinne in am trátha.

**Tabhair faoi deara go gcloífear go docht le dátaí deiridh, agus dá réir sin, ní bhreithneoidh an Bord ag an gcruinniú sin achomhairc a fhaightear tar éis dáta deiridh ar leith.**

Ní mór achomhairc a chur chuig an Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach, lena luaitear go soiléir an critéar faoina bhfuil an t-achomharc á dhéanamh. Cuir "Achomhairc Sholáthar Foirne" ar an gclúdach.

Tá an fhoirm iarratais chaighdeánach ar fáil in **Aguisín F**.

Cuirfear stádas DEIS na scoile san áireamh in aon iarratas achomhairc.

## 2. Ombudsman

I bhfianaise na leasuithe ar an Acht Ombudsman 2012, aon scoil a mheasann nár chuir an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal na critéir achomhairc i bhfeidhm go cóir san achomharc, féadfaidh sí gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman.

Is é ról an Ombudsman i ndáil le hachomharc ar bith ná athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu a dhéileáil nó nár dhéileáil an Bord Achomhairc leis go cóir agus de réir na gcritéar achomhairc. Ní áit é do scoileanna le breis acmhainní a lorg, mar sin.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman ag www.ombudsman.gov.ie.

## 3. Ní cheadaítear do Bhord Bainistíochta ach achomharc amháin a dhéanamh i gcás ar leith

Measfar gur cinneadh deiridh é breithiúnas an Bhoird Achomhairc maidir leis an bpost (na poist) agus ní bhreithneofar aon iarratais bhreise chuig an mBord Achomhairc i dtaca leis an scoilbhliain 2015/16 ach sa chás gur tháinig athrú ar chúinsí na scoile.

## 4. Critéir Achomhairc

Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh go bhfuil sé riachtanach imeacht ón sceideal soláthar foirne sna cúinsí a bhfuil cur síos orthu i bpointí (a) go (g) thíos:

### a) Deacrachtaí eisceachtúla maidir le cóiríocht

Sa chás go bhfuil údar le himeacht ón sceideal soláthar foirne chun freastal ar dheacrachtaí eisceachtúla maidir le cóiríocht. Caithfidh an scoil a léiriú chun sástacht an Bhoird an fáth a bhfuil údar le post teagaisc breise chun freastal ar an deacracht eisceachtúil maidir le cóiríocht.

### b) Rollú Dheireadh Fómhair 2014

Sa chás go bhfuil an Bord Achomhairc sásta, ar bhonn fianaise infhíoraithe, go raibh an líon riachtanach daltaí rollaithe i mí Mheán Fómhair* nó i mí Dheireadh Fómhair 2014, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, ní raibh siad cláraithe an 30 Meán Fómhair 2014. Mar sin féin, chun críocha soláthar foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain amháin**.

*Ní bheidh dalta a fhágann an scoil roimh an 30 Meán Fómhair agus nach bhfilleann ar an scoil sa scoilbhliain incháilithe lena bhreithniú faoin gcritéar sin.

** Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair a fhíorú nár ghá an dalta a chomhaireamh i leith múinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt an dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críocha soláthar foirne sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici.

### c) Post Forbraíochta atá bunaithe ar Rolluithe Breise tar éis an 30 Meán Fómhair 2015

Ní bhaineann an critéar sin ach leis na scoileanna a fuair sannadh sealadach do phost/phoist forbraíochta nár shroich rolluithe imleora an 30 Meán Fómhair 2015 chun an post a choinneáil. Ó tharla go mbaineann an critéar sin le fíorú ar rollú iarbhír an 30 Meán Fómhair 2015, ní féidir leis an mBord Achomhairc achomhairc faoin gcritéar sin a bhreithniú ach amháin ag cruinniú an Bhoird Achomhairc do mhí Dheireadh Fómhair.

Nuair a mheasann an Bord, maidir le bronnadh poist faoi na **critéir scoile i mbéal forbartha**, go raibh an líon daltaí réamh-mheasta a theastaigh leis an bpost a choinneáil

rollaithe nó ar dhócha go mbeidh siad rollaithe faoin lá deiridh den téarma i mí na Nollag 2015, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, nár rolladh iad mar a rabhthas ag súil leis an 30 Meán Fómhair 2015.

Déanfar post a leithdháileann an Bord faoin gcritéar sin a cheadú ar bhonn sealadach faoi réir deimhniúcháin gur baineadh an rollú riachtanach amach roimh an 31 Nollaig 2015. Mar atá le Critéar B, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain amháin.

Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair a fhíorú nár ghá an dalta a chomhaireamh i leith múinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt an dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críocha soláthar foirne sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici.

## d) Tacaíocht EAL

Sa chás go bhfuil 20% ar a laghad de rollú iomlán na scoile comhdhéanta de dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL (Béarla mar theanga bhreise) uathu (daltaí a bhfuil níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) acu), féadfaidh an Bord Bainistíochta achomharc a dhéanamh le hathbhreithniú ar an leithdháileadh atá beartaithe do dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu.

Agus machnamh déanta aige ar na cúinsí atá leagtha amach ag an scoil, agus ag féachaint don líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu, féadfar post breise nó poist bhreise a cheadú chun tacú le riachtanais oideachasúla daltaí dá leithéid. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara go mbeidh cinntí a dhéanann an Bord bunaithe ar rolluithe réamh-mheasta daltaí EAL faoi réir athbhreithniú tar éis rollaithe an 30 Meán Fómhair 2015. Féadfar an cinneadh sin a leasú sa chás nach dtiocfaidh na rolluithe réamh-mheasta aníos.

Féadann scoileanna a chomhroinneann an t-aon champas amháin comhiarratas a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc ar phost EAL bunaithe ar an rollú comhcheangailte daltaí EAL sa dá scoil.

## e) Scoileanna beaga

Mar chuid de na bearta i mBuiséad 2012, rinneadh méadú ar na tairseacha daltaí i scoileanna beaga. Is leis na scoileanna sin a bhaineann an critéar achomhairc seo agus is féidir le scoil achomharc a dhéanamh i gceachtar den dá chás seo a leanas:

1. Sa chás go ndéanann scoil a bhfuil ceathrar múinteoirí ranga nó níos lú aici agus a bhfuil post ranga á chailleadh aici don scoilbhliain 2015/16 fianaise a dtacaítear léi a thabhairt go dtiocfaidh méadú leordhóthanach ar rollú na scoile faoin 30 Meán Fómhair 2015 ar mhaithe leis an bpost a choinneáil don scoilbhliain ina dhiaidh sin (i.e. an scoilbhliain 2016/17), féadfaidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt don scoil an post ranga a choinneáil. Tá na tairseacha ábhartha coinneála leagtha amach in Aguisín A.

nó

2. Sa chás nach bhfuil scoil a bhfuil triúr múinteoirí ranga nó níos lú a fháil post ranga don scoil bhliain 2015/16 ach is feidir fianaise a thabhairt go ngnóthóidh sí post ranga breise don scoilbhliain ina dhiaidh sin (i.e. an scoilbhliain 2016/17), fad nach dtiocfaidh aon athrú ar an sceideal soláthar foirne, féadfaidh an Bord Achomhairc post breise a cheadú don scoil don scoilbhliain 2015/16. Tá na tairseacha ábhartha ceapacháin leagtha amach in Aguisín A.

### f) 3 phost teagaisc nó níos mó á gcailleadh ag scoil

Sa chás go bhfuil 3 phost nó níos mó á gcailleadh ag scoil, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne d'fhonn iarracht a dhéanamh cuid den chaillteanas i bpoist a iarchur go dtí an scoilbhliain 2016/17 ar an mbunús go bhfuil fíor-dhrochthionchar á imirt aige ar leithdháileadh iomlán scoile.

### g) Maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú ar mhéideanna ranga ag leibhéal naíonán do scoileanna a chuireann go mór leis trí fhás déimeagrafach a ionsú

Tá na critéir achomhairc seo dírithe ar scoileanna nach bhfuil post teagaisc breise á fháil acu faoi na critéir do scoileanna i mbéal forbartha ach, mar sin féin, a chuireann go mór le soláthar na n-áiteanna scoile, rud a chuidíonn leis an bhfreagairt d'fhás déimeagrafach laistigh dá limistéar agus, mar thoradh air sin, atá faoi bhrú suntasach ar mhéid a ranganna ag leibhéal naíonán. Eochairtháscaire maidir leis na scoileanna sin is ea méadú suntasach ar rollú naíonán sóisearach.

Samhlaítear go mbeidh na scoileanna sin, de ghnáth, lonnaithe i limistéir ina bhfuil fás daonra suntasach. Sa chás go bhfuil scoil ag méadú líon na ranganna iontrála atá aici – rud a ghinfeadh sruth nua – ba chóir don scoil a thabhairt faoi deara nach mór di cead don mhéadú sin a bheith faighte aici roimh ré ó Phátrún na Scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

Is féidir le scoileanna a chomhlíonann na ceithre chritéar atá sa liosta thíos achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc le haghaidh post teagaisc breise don scoilbhliain 2015/16.

Is iad seo a leanas na ceithre chritéar a cheadóidh achomharc a chur isteach:

1. Tá an scoil ag réamh-mheas, ar bhonn réalaíoch, go mbeidh méadú ar a rolluithe foriomlána don 30 Meán Fómhair 2015 agus tá leibhéal an mhéadaithe atá réamh-mheasta:

    a) <u>imleor</u> don scoil le post teagaisc breise a fháil don scoilbhliain 2016/17 (ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar an sceideal soláthar foirne)
    b) <u>neamhleor</u> don scoil le post teagaisc breise a fháil don scoilbhliain 2015/16 faoi na Critéir do Scoil i mBéal Forbartha

2. Bhí méadú ag an scoil ar a rolluithe foriomlána i ngach ceann den 2 scoilbhliain is déanaí (2014/15 agus 2013/14)

3. Tá an líon naíonán sóisearach rollaithe sa scoil ag méadú gach bliain agus rollaigh sí 30 naíonán sóisearach ar a laghad an 30 Meán Fómhair 2013

4. Mar thoradh ar rollú méadaitheach na naíonán sóisearach, tá brú suntasach ar an scoil maidir le méideanna ranga ag leibhéal naíonán (naíonáin shóisearacha agus/nó naíonáin shinsearacha).

Déanfar gach iarratas chuig an mBord Achomhairc a mheas ar a fhiúntas. Déanfaidh an Bord Achomhairc a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an scoil, ina thuairim féin, ag baint úsáid as a múinteoirí ranga príomhshrutha uile ar bhealach cuí. Tabharfaidh an Bord Achomhairc tús áite do na scoileanna sin atá, ina thuairim féin, faoin mbrú is mó maidir le méid a ranganna ag leibhéal naíonán mar thoradh ar líon méadaitheach na naíonán sóisearach ar a rolla. Déanfar post ar bith a dheonaíonn an Bord Achomhairc a leithdháileadh ar bhonn sealadach go dtí go ndeimhnítear rolluithe iarbhír an 30 Meán Fómhair 2015.

## 5. Beachtas na Faisnéise Rollaithe arna Cur faoi Bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal mar Chuid d'Achomhairc

Cuirtear i gcuimhne do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le cinntiú a dhéanamh ar bheachtas na faisnéise rollaithe a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal. Is é gnáthpholasaí na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó chun críocha aon acmhainní breise a fháil ón Roinn ná na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána.